

Fiontraíocht

Taobh amuigh den talmhaíocht agus den iascaireacht, ní mórán eile fiontraíochta ná tionsclaíochta a bhí thart sna bólaí seo go dtí na seachtóidí ar aghaidh. Ar ndóigh, bhí siúinéirí, cúipeirí, fiodóirí, táilliúirí, gaibhne, saoir chloiche, tuíodóirí, carraeirí i chuile bhaile agus iad i mbun a gceirde féin.

Chaith Ida Yates tamall sa gCeathrú Rua ag múineadh do chailíní le lása a dhéanamh, rud a mbíodh meas air ag an am. Ba in aimsir Bhord na gCeantar Cúng faoi dheireadh an 19ú céad a bunaíodh monarcha bheag lása, a raibh ceathrar nó cúigear ag obair ann, ar an suíomh a bhfuil

teach an tsagairt ann inniu.

Ba thart ar an am sin a tógadh an mhonarcha chniotála in aice le Loch an Mhuilinn, áit a mbíodh

cailíní ag obair, cuid acu a théadh go Meiriceá nuair a bhíodh luach an bhealaigh saothraithe acu.

Tógadh eastát tionsclaíochta ar Bhóthar na Tismeáine sna seachtóidí, áit a raibh suas le sé mhonarcha ag feidhmiú go dtí 8-10 mbliana ó shin. Bhí 300 duine nó mar sin ag obair san eastát

tionsclaíochta nuair a bhí Telemara láidir

Turasóireacht – mar gheall ar na tránna breátha glana atá thart orainn, bíonn aghaidh na ndaoine

sa treo seo i gcónaí. Bhí agus tá obair á soláthar sa gceantar de bharr tionscail na Gaeilge, agus tarraingíonn an Ghaeilge féin go leor cuairteoirí. Tá na coláistí samhraidh Gaeilge ann a mbíonn

daltaí óga agus déagóirí ag freastal orthu, agus tá Áras Mháirtín Uí Chadhain/Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge suite i lár an bhaile freisin, áit a mbíonn mic léinn ag freastal ar chúrsaí léinn agus cúrsaí Gaeilge ar feadh na bliana ar fad. Go deimhin, is ar an gCeathrú Rua a leag Máirtín Ó Cadhain súil ar Mháirtín Ní Rudaigh, a bhean chéile, an chéad uair riamh agus í ag fanacht Tigh Chóil an tSapair mar Ghaeilgeoir

Foinsí:

Logainmneacha agus Patrún Lonnaíochta ar an gCeathrú Rua, Eileen Nic Dhonncha
An Cheathrú Rua, Léacht an Oireachtais, Cáit Ní Dhomhnaill

An Cheathrú Rua, Maedhbh M. Nic Dhonnchadha

Seod-Aistí as Conamara, Peadar Neill Ó Domhnaill

Connemara, Introduction and Gazetteer, Tim Robinson

Séipéal Mhic Dara, Athoscailt 24 Deireadh Fómhair 2002

Daonáireamh 1911, Raidió na Gaeltachta